

[07_01.mp3](#)

Bileog 7.1

Siobhán: Ar an drochuair ní bhíonn mórán am saor agam ar chor ar bith, ach ag an deireadh seachtaine imrím cártaí le mo chuid cairde anois is arís. Imrím *poker* de ghnáth.

Peadar: Imrím galf dhá uair sa tseachtain, agus níos minice fiú i rith an tsamhraidh.

Seán: Ní duine aclaí mé in aon chor. Ní imrím aon spórt. Is breá liom a bheith ag léamh áfach, agus nuair a bhíonn an deis agam is breá liom dul go dtí an phictiúrlann.

Pól: Is breá liom spórt agus a bheith amuigh faoin aer an oiread agus is féidir. Imrím peil agus rugbaí le clubanna áitiúla anseo. Téim ag dreapadóireacht sa samhradh chomh maith nuair a bhíonn an t-am agam.

Ciara: Téim gach áit ar mo rothar, ach taobh amuigh de sin ní imrím aon spórt eile. Is breá liom a bheith ag léamh.

Clár: Imrím leadóg agus leadóg tábla gach seachtain. Is breá liom a bheith ag féachaint ar an teilifís.

Bileog 7.5

[07_05.mp3](#)

Áine Lally : Go raibh míle maith agat, a Eimear.

Sacar ar dtús agus bhí drochscéala inniu do Manchester United, is é sin go bhfuil Louis van Gaal fágtha gan seachtar imreoir sinsearach¹ don chluiche mór i Sraith na Seaimpíní sa nGearmáin² amárach. I measc na n-imreoirí a bheidh ar lár, beidh Wayne Rooney, Marcos Rojo agus Phil Jones. Tá gortuithe ag cur as do Luke Shaw agus d'Antonio Valencia chomh maith. Beidh ar Manchester United an bua a thabhairt leo amárach lena n-áit a chinntiú i measc na sé fhoireann déag deiridh sa gcomórtas.

Tá machnamh á dhéanamh ag FIFA³ cur le líon na bhfoirne i gCorn an Domhain le go mbeidh dhá scór foireann san iomaíocht ann. Dhá fhoireann is tríocha atá ann faoi láthair. Inniu cheadaigh Coiste Feidhmiúcháin FIFA pacáiste leasuithe, ina measc go mbeadh teorainn de dhá bhliain déag curtha le téarma an uachtaráin. Beidh an chéad toghchán uachtaránachta eile ann i mí Feabhra.

Agus scéal eile a bhaineann le FIFA: tá fiosrúchán ar bun ag an FBI faoi scannal breabannaí⁴, céad milliún dollar de réir chlár Panorama de chuid an BBC. Tuairiscítear sa gclár gur íoc comhlacht margaíochta FIFA, atá anois as feidhm, breabannaí le hoifigigh de chuid FIFA sna 1990í. Maítear sa gclár go raibh Sepp Blatter ar an eolas faoi na híocaíochtaí ach nach ndearna sé tada faoi. Tá Blatter ar fionraí óna ról mar uachtarán FIFA faoi láthair. Craolfar an clár Panorama anocht.

Bileog 7.7

[07_07.mp3](#)

Tá mé i mo bhall de chlub seoltóireachta...bhuel i mbliana tá mé i mo reachtaire ar an chlub. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a lán oibre le déanamh agam don chlub. I rith an gheimhridh bíonn cruinnithe ar siúl gach mí. Casaimid le chéile leis na rásaí agus na geallta bád don samhradh a eagrú. Bíonn an chéad rása ar siúl de ghnáth le linn na Cásca agus bíonn ar a laghad rása amháin ar siúl gach seachtain ina dhiaidh sin go dtí an Fómhar. Go minic bíonn dhá rása ar siúl againn i rith na seachtaine, ag brath ar an lán mara, agus bíonn dhá rása ar siúl gach deireadh seachtaine. Tá thart ar chaoga bád sa chlub agus bíonn an comórtas géar go leor caithfidh mé a rá. Bíonn craic ar dóigh againn. Nuair a bhíonn an aimsir go maith bíonn cóisirí againn sa chlub go rialta, agus fanann gach duine ar na báid don oíche.